Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027





**Dún na nGall**

**Pictiúir Clúdaigh (C go D):** Paul McGuckin, Oideas Gael, Harry Kerr

## Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | Réamhrá ón Chathaoirleach agus ón Phríomhfheidhmeannach | 02 |
| 01 | Éire Ildánach 2023–2027 | 04 |
| 02 | Cultúr agus Cruthaitheacht i nDún na nGall | 06 |
| 03 | Fís Éire Ildánach do Dhún na nGall | 12 |
| 04 | Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach<br>Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 13 |
| 05 | Tosaíochtaí Straitéiseacha do Dhún na nGall | 14 |
| 06 | Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún na nGall | 18 |
| | Léarscáil de Dhún na nGall | 19 |


Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

## Réamhrá

Le Clár Éire Ildánach Dhún na nGall 2023–2027, leagtar tábhacht ar leith ar chur chuige *an Údaráis Áitiúil ina iomláine.* Bhreathnaíomar ar chur chuige *an rialtais iomláine* a glacadh sa chlár náisiúnta, agus d'fhoghlaimíomar as, agus is cur chuige é inar léir breisluach agus tionchar an chomhoibrithe.

Tá foireann ghníomhach áitiúil Éire Ildánach againn agus leanfaimid de bheith ag tarraingt ar an iliomad seirbhísí agus réimsí éagsúla saineolais atá ag na húdaráis áitiúla. Dá bhrí sin, déanfaimid ár réimse agus ár scála a leathnú tuilleadh, agus déanfaimid ár dtionchar a mhéadú a oiread is féidir.

Táimid ag obair i dtreo leas aonair, comhchoiteann agus náisiúnta na saoránach agus na bpobal, agus déanfaimid é sin ar bhealach cruthaitheach, nuálach agus comhoibríoch.

Maidir leis an chultúr agus an chruthaitheacht go háitiúil, táimid ag iarraidh feabhas a chur ar rochtain orthu, ar rannpháirtíocht iontu nó ar ghníomhaíocht leo, nó ar thaitneamh a bhaint astu, agus tá sé mar aidhm againn cruthaitheacht a leabú sa pholasaí poiblí i nDún na nGall.
Tugaim faoi deara gur tráthúil an straitéis í sa mhéid is go bhfuil a lán pleananna áitiúla atá ag an gcéim luath agus beidh foireann áitiúil Éire Ildánach in ann dul i ngleic lena bhforbairt agus le feabhas a chur ar fholláine, ar chomhtháthú sóisialta agus ar fhorbairt eacnamaíoch ag an leibhéal áitiúil i dteannta a chéile.
Bhí mé ag plé le Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil eile in Athbhreithniú Eatramhach na bPobal Cruthaitheach, is féidir liom a dheimhniú go dtacaímid go léir leis an dóigh a n-ailíníonn an tionscnamh le tosaíochtaí náisiúnta agus áitiúla maidir le cláir rannpháirtíochta spriocdhírithe agus inbhuanaithe a thabhairt ar an saol.

Is gnách go mbreathnaítear ar údaráis áitiúla mar údaráis a bhfuil riosca ag baint leo, ach mar sin féin iarrtar orainn freisin a bheith nuálach. Iarrann Éire Ildánach orainn turgnaimh a dhéanamh, dul i riosca, triail a bhaint as cineálacha cur chuige nua, smaoineamh ar ionaid agus ar shuíomhanna malartacha, agus ár mbonn comhpháirtithe cláir a leathnú.  Fáiltím go mór roimhe seo agus spreagfaidh mé agus tacóidh mé le cur i gcrích na dtosaíochtaí agus na ngníomhartha straitéiseacha le haghaidh 2023-2027 ón Údarás Áitiúil iomláine.

**John G McLaughlin**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Dhún na nGall

Fáiltím roimh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Éire Ildánach Dhún na nGall 2023–2027  Is é seo an dara straitéis áitiúil seo le haghaidh Éire Ildánach agus tógann sí ar bhunús láidir na gcúig bliana roimhe sin agus féachtar freisin le réimsí nua fócais agus réimsí fócais atá ag teacht chun cinn a thabhairt isteach.

Tá an tÚdarás Áitiúil i gceannas ar cholún na bPobal Cruthaitheach atá an-oiriúnach mar gheall ar mhéid ár rochtana ar fud an chontae agus i gcroílár na bpobal.  Is comhalta mé a toghadh go háitiúil, déanaim ionadaíocht ar cheantar tuaithe, agus is mise an Cathaoirleach fosta, agus dá bharr sin, tá mo chroí istigh sa cheist seo.

Le linn na Straitéise roimhe seo, leanadh den fhorbairt leanúnach a bhíothas a dhéanamh ar oidhreacht shaibhir chultúrtha Dhún na nGall i dtaca le bailiúcháin seandálaíochta, músaeim agus cartlainne, ailtireacht, teanga agus litríocht, agus ar a cultúr bríomhar comhaimseartha i dtaca leis na hamharcealaíona, scannáin, tionscail chruthaitheacha, ceardaíochta agus deartha, taibh-ealaíona agus féilte.  Mar gheall ar an infheistíocht mhéadaithe in earnáil chultúrtha an chontae a chuireann Éire Ildánach ar fáil tríd an chlár Cultúir agus Cruthaitheachta agus tionscnaimh ghaolmhara eile, bhíothas in ann raon leathan gníomhaíochtaí agus idirghabhálacha a chur i gcrích i mbeagnach gach gné de shaol cultúrtha an chontae.

Tá an iliomad tionscnamh seo á mbainistiú agus á gcur ar fáil ag réimse leathan tionscnóirí agus tionscnóirí tionscadail, lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún na nGall, soláthraithe seirbhíse áitiúla amhail Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, forais chultúrtha áitiúla agus grúpaí cultúrtha gairmiúla, grúpaí pobail, grúpaí oidhreachta, grúpaí ealaíon agus go leor cleachtóirí cultúrtha aonair eile. Leis an infheistíocht bhreise, neartaíodh na tionscnóirí tionscadail ábhartha, tháinig méadú ar an rannpháirtíocht chultúrtha ag gach leibhéal agus éascaíodh daonlathú an chleachtais chultúrtha agus an léirithe chultúrtha i measc pobal ar fud an chontae.

Forbraíodh an straitéis nua seo tar éis dul i gcomhairle le baill den Choiste Polasaí Straitéiseach Pobail, Sóisialta agus Cultúrtha, príomhpháirtithe leasmhara, agus suirbhé poiblí. Tacaím go mór leis an leibhéal comhairliúcháin seo ar an ábhar gur rud é rannpháirtíocht ár saoránach i bhforbairt na mbeartas agus na straitéisí a bhaineann linn go léir, toisc gur rud é a mbaineann cumhachtú leis, agus go ndéantar ábharthacht agus luach níos fearr ar airgead a chinntiú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann áitiúil Éire Ildánach Dhún na nGall as a gcur chuige dearfach díograiseach agus Pobail Chruthaitheacha á bhunú go daingean agus go rathúil acu laistigh den údarás áitiúil agus den phobal.  Is tionscnamh nuálach ceannródaíoch é seo a bhfuil tairbhí díreacha agus indíreacha, láithreacha agus fadtéarmacha ag baint leis, agus táim ag tnúth go mór le Pobail Chruthaitheacha a fheiceáil ag dul ó neart go neart sna cúig bliana amach romhainn agus ina dhiaidh sin.

**An Clr Liam Blaney**
Cathaoirleach,
Comhairle Contae Dhún na nGall

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall agus Amhránaithe Conwal leis an chumadóir Seán Doherty ag 'Mobhi's Belt' ceolchoirm, Teach agus Gailearaí Gléibe, Scéim Deontais Colmcille 1500. **Grianghraf:** Lorcan Doherty, an 17 Deireadh Fómhair 2021



An tua soicéadaithe ón chré-umha cloigeann a íomhaíodh le linn 3D seisiún fótagraiméadrachta **Grianghraf:** Jurand Macioszczyk, 2018

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i nDún na nGall

Tá cur síos san aiste seo ar leithead agus ar dhoimhneacht stair an chultúir agus na cruthaitheachta i nDún na nGall, rud a chruthaíonn ardán láidir don todhchaí, agus atá ina léiriú ar an timpeallacht dhinimiciúil atá faoi shíorathrú ina mbíonn rath ar an chultúr agus ar an chruthaitheacht áitiúil. Díríonn an aiste ar na réimsí is mó atá ábhartha do chlár Éire Ildánach.

### Comhthéacs Socheacnamaíoch

Is é Dún na nGall an ceathrú contae is mó sa stát. Roinneann sé 93% dá theorainn talún le Tuaisceart Éireann. Tá daonra 159,192 (Daonáireamh 2016) ann, agus tá beagnach 73% de ina gcónaí i gceantair thuaithe, i sráidbhailte agus i mbailte beaga ina bhfuil níos lú ná 1,500 duine. Maidir leis an daonra i nDún na nGall, is é an treocht fhoriomlán atá ann ó 2006 i leith gur tháinig méadú air. Is i leith na himirce isteach a cuireadh cuid mhaith den mhéadú sin, agus is inimircigh ó Oirthear na hEorpa, ón Afraic agus ón Áise cuid shuntasach den imirce sin.

In 2016, is in Éirinn, i dTuaisceart Éireann, i Sasana, sa Bhreatain Bheag nó in Albain a rugadh 95% de ghnáthchónaitheoirí Dhún na nGall. Rugadh 5% den daonra lasmuigh d'oileán na hÉireann nó den Ríocht Aontaithe agus ba iad an Pholainn, na Stáit Aontaithe agus an India na 3 thír ba mó díobh. Ba iad an India, an Phacastáin, an Rómáinis, an Chróitis agus an Afganastáin na 5 cinn is mó ar tháinig fás orthu.

Tá an dara pobal Gaeltachta is mó sa stát lonnaithe i nDún na nGall, le daonra de bheagnach 24,000 duine — cuid mhór acu ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Labhraítear an Ghaeilge go forleathan freisin i measc na bpobal sa chontae nach Gaeltacht iad, agus is i Leitir Ceanainn atá an líon is mó cainteoirí laethúla cláraithe, lasmuigh de phríomhchathracha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, na Gaillimhe agus Luimnigh.

Maidir le cóimheas cleithiúnais aoise Dhún na nGall — i.e. daoine óga (0–14) agus seandaoine (65+) arna shloinneadh mar chéatadán den daonra in aois oibre (15–64) — tá sé ard, é ar 60.5% (Coimisiún Forbartha an Iarthair 2017), i gcomparáid leis an meán náisiúnta 52.7%. Tá sé le haithint ar an meán is ísle ná an meán náisiúnta san aoisghrúpa idir 20 agus 40 bliain d'aois, go háirithe laistigh de phobail tuaithe Dhún na nGall. Tá deacracht ar leith ag an chontae a saoránaigh óga a choinneáil, iad ag fágáil an chontae go minic le haghaidh breisoideachais, deiseanna fostaíochta, sainoiliúna srl.

In éineacht le Laois, is ag Dún na nGall atá an ráta iontrála is ísle chuig oideachas tríú leibhéal (41% i gcomparáid le 51% ar an meán náisiúnta). Tá OTA Dhún na nGall (Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh) ina dhlúthchuid den timpeallacht oideachais i nDún na nGall, agus oideachas á chur ann ar thart ar 4,500 mac léinn. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ina chroísholáthraí de réimse leathan seirbhísí ar fud an oideachais agus na hoiliúna agus oibríonn sé trí scoileanna, ionaid Oiliúna Bhreisoideachais agus fiontair shóisialta.

In 2015, is ag Dún na nGall (€15,705 an duine) a bhí an t-ioncam indiúscartha ab ísle, é ar 77.2% den mheán náisiúnta. In 2016, is ag Dún na nGall a bhí an scór is ísle in Éirinn maidir le Díothacht Choibhneasta Phobal HP. In 2016 is ag Dún na nGall a bhí an sciar is mó de theaghlaigh inarbh é an pinsean stáit an chuid is mó den ioncam. Ba é €45,256 an t-ioncam airmheánach in aghaidh an teaghlaigh agus ba i nDún na nGall (€32,259) a bhí na teaghlaigh ba lú ioncam.

### An Geilleagar Taithí

I dtaighde IBEC ar gheilleagar taithí na hÉireann a coimisiúnaíodh in 2021, léiríodh go raibh 330,000 duine fostaithe san earnáil ina bhfuil post amháin as gach cúig phost san earnáil phríobháideach in Éirinn. Is éard atá sa gheilleagar taithí níos mó ná euro amháin as gach trí euro a chaitheann teaghlach Éireannach, i gcomparáid le euro amháin as gach ceithre euro san Aontas Eorpach. Is cuid dhílis den gheilleagar taithí iad earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta agus is iadsan is cúis leis an nuálaíocht in earnálacha eile lena n-áirítear an turasóireacht áitiúil agus an fhiontraíocht chruthaitheach. Cé go raibh tionchar ollmhór ag an phaindéim ar éiceachóras na cruthaitheachta agus chultúir, agus ar an gheilleagar taithí níos leithne, léiríodh freisin go raibh ról tábhachtach ag an chultúr agus ag an chruthaitheacht mar acmhainn le haghaidh athléimneacht, nascadh agus téarnamh. Thug an phaindéim deis do lucht déanta beartas bealaí nua samhlaíocha a cheapadh chun an todhchaí a athshamhlú agus chun an cultúr agus an chruthaitheacht a aithint mar dhlúthchuid den téarnamh eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil.

### Bonneagar

Cuimsíonn infreastruchtúr cultúrtha an chontae áiseanna atá faoi úinéireacht phoiblí ar nós Iarsmalann Chontae Dhún na nGall, Amharclann an Ghrianáin, An tIonad Cultúrtha Réigiúnach, An Dún Riabhach, Sean-Teach Cúirte Leifear, Ionad Ealaíon na Mainistreach, Amharclann Ghaoth Dobhair, Cartlann Chontae Dhún na nGall, agus gréasán leabharlann ar fud an Chontae, iad ag obair i gcomhar le háiseanna neamhspleácha arbh iad an pobal a dhear iad.

### Oidhreacht

Lenár nOidhreacht, cruthaítear ómós áite, déantar ómós féiniúlachta a athdheimhniú, treisítear carachtar ár mbailte agus ár sráidbhailte, cuirtear bonn eolais faoinár dtuiscint ar an stair, tugtar spreagadh dúinn, agus mealltar daoine de gach aois. Láithreáin seandálaíochta, foirgnimh, tírdhreacha inaitheanta, gnáthóga agus speicis fiadhúlra, déantáin, cartlanna agus traidisiúin chultúrtha, is fianaise na nithe sin ar oidhreacht shaibhir agus éagsúil Dhún na nGall. Déantar iad a chaomhnú agus a chur chun cinn trí obair chrua agus trí thiomantas raon leathan grúpaí pobail, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) agus eagraíochtaí stáit ar fud an réigiúin. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ina chaomhnóir agus ina bhainisteoir ar roinnt foirgneamh stairiúil, limistéir fiadhúlra agus 50 reilig stairiúil.

### Litríocht

Tá traidisiún saibhir liteartha ag Dún na nGall, i mBéarla agus i nGaeilge — ó Frances Browne go Brian Friel, ó Seosamh Mac Grianna go Peadar O'Donnell. Dámhann an Ghleanna Chomhairle Contae Dhún na nGall, baile an fhile Cathal Ó Searcaigh, tá sé dírithe ar scríbhneoireacht na Gaeilge.

### Leabharlanna

Is príomhfhócas iad leabharlanna chun an cultúr agus an chruthaitheacht áitiúil agus náisiúnta a cheiliúradh. Is spás cultúrtha iad atá oscailte agus inrochtana do chách, rud a chruthaíonn deiseanna chun saol an phobail a fheabhsú. Tacaíonn siad freisin le comhchuimhne Dhún na nGall agus lonnaithe sa Lárleabharlann tá thart ar 65,000 mír idir stair, stair an dúlra, sheandálaíocht, oidhreacht agus chultúr, agus tá bailiúcháin níos lú i leabharlanna brainse ar fud an chontae. Trí líonra Leabharlanna Éireann, cuireann leabharlanna Dhún na nGall rochtain saor in aisce ar fáil do bhaill na leabharlainne ar níos mó ná 15 mhilliún mír de stoc in os cionn 330 craobh leabharlainne ar fud na tíre chomh maith le réimse acmhainní ar líne atá ag dul i méid.

### Na Taibh-Ealaíona

Tá earnáil taibhealaíon i nDún na nGall a bhfuil aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta aici. Is í Amharclann an Ghrianáin an t-ionad taibhealaíon agus an teach léiriúcháin drámaíochta is mó sa chontae. Cuireann Raidió na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta tacaíocht ríthábhachtach ar fáil d'amhrán traidisiúnta na Gaeilge, agus is pointí fócais do chur chun cinn an traidisiúin iad áiseanna ar nós An Chrannóg agus An tSean-Bheairic. Tá gréasán láidir de chraobhacha de Chomhaltas Cheoltóirí Éireann. Tá ról ríthábhachtach ag Cairdeas na bhFidiléirí i dtaca le tacaíocht agus cur chun cinn fhidléireacht Dhún na nGall. Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Dhún na nGall, a bhunaigh BOO Dhún na nGall, déantar sé teagasc uirlise agus gutha iarscoile ardchaighdeáin a chur ar fáil do líon is mó ná 450 páiste agus tá 10 ngrúpa taibhiúcháin ann, Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall san áireamh.

Tá Dún na nGall ar thús cadhnaíochta i bhforbairt na n-ealaíon agus seónna carnabhail in Éirinn mar gheall ar an obair shainiúil agus shamhlaíoch a dhéanann grúpaí ar nós Inishowen Carnival Group, LUXe Landscape Theatre agus Fidget Feet Aerial Dance Company.



Tionól an Fhórsa, aighneacht Glaonna Oscailte le haghaidh Chruinniú na nÓg in 2020 a thug daoine óga le chéile daoine, Tai Chi, Star Wars, scannán agus mórthaibhseacht an radhairc ar Choróin Bhanba, Cionn Mhálanna **Grianghraf:** Martha McCulloch

**Na hamharcealaíona agus an cheardaíocht**
Tá baint mhór ag Contae Dhún na nGall leis na hamharcealaíona agus leis an cheardaíocht chomhaimseartha agus lonnaithe ann tá roinnt dánlann poiblí, stiúideonna ealaíon agus ceardaíochta, agus líon suntasach ealaíontóirí agus déantóirí aonair. Is é an príomh-ghailearaí atá maoinithe ag an Chomhairle Ealaíon ná Ionad Cultúrtha Réigiúnach Chomhairle Contae Dhún na nGall, Leitir Ceanainn. I measc na ngailearaithe eile a fhaigheann maoiniú poiblí tá Teach agus Gailearaí Gléibe, An Gailearaí, agus Artlink, an Dún Riabhach. Tá líon mór tograí ceardaíochta ar fud an Chontae freisin, lena n-áirítear Donegal Craft Village, Local Hands, Ballyshannon agus an Donegal Designer Makers network.

**Earnáil na Cruthaitheachta & An Scannánaíocht**
Is é Oifig Fiontair Áitiúil Comhairle Contae Dhún na nGall a d'fhorbair Creative Coast Donegal Initiative agus a chuireann i bhfeidhm é. Is é an aidhm atá ann fís agus féiniúlacht chomhroinnte a fhorbairt le haghaidh na n-earnálacha cruthaitheacha i nDún na nGall. Leis an Tionscnamh cuirtear ar fáil d'fhiontair chruthaitheacha rochtain ar smaointe agus ar cheardlanna nuálacha ó ghairmithe atá ag obair in go leor earnálacha cruthaitheacha éagsúla. Is í Oifig Scannán Chomhairle Contae Dhún na nGall an phríomhacmhainn do lucht déanta scannán i nDún na nGall agus dóibh siúd ar mian leo scannánaíocht a dhéanamh i nDún na nGall ó gach cearn den domhan.

**Féilte**
Tá éagsúlacht shaibhir maidir le féilte bliantúla i nDún na nGall. Ina measc seo tá Féile Ealaíon an Earagail, Scoil Samhraidh Patrick MacGill, Sea Sessions, Rory Gallagher International Tribute Festival, Scoil Gheimhridh Ghaoth Dobhair, Féile Roise Rua, Féile na hInse, Ballyshannon Folk and Traditional Music Festival, Inishowen International Folksong and Ballad Seminar, Letterkenny Trad Week and Wainfest. Glacann Dún na nGall páirt freisin i réimse imeachtaí ceiliúrtha náisiúnta ar nós Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Seachtain na hOidhreachta agus Oíche Chultúir.

**Tionscnaimh ar éirigh leo agus ar foghlaimíodh uathu**
Seo roinnt samplaí de thionscnaimh rathúla ina raibh idirdhisciplíneacht, nuálaíocht agus comhoibriú i gcroílár:

- Forbairt Lucht Féachana an Iarthuaiscirt — comhoibriú trasteorann rathúil a dhíríonn ar theaghlaigh agus ar dhaoine scothaosta. Le 'Music in Care Homes' mar shampla, tógadh ar chomhpháirtíocht idir an tAonad um Sheirbhís Ealaíon agus um Chuimsiú Sóisialta chun clár nuálach 'Artist in Residence for Care Homes' a chur ar fáil ar fud Dhún na nGall agus Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Bháin.
- Réimse Cruthaitheach Poiblí Bhéal Átha Seanaidh — pacáiste cruthaitheach de shaothair nuálacha lena n-áirítear comharthaíocht thraidisiúnta lámhphéinteáilte, tacaíocht le haghaidh scileanna traidisiúnta, múrphictiúr a chruthú agus úsáid a bhaint as aghaidheanna siopa traidisiúnta idir an dá linn — rud a chomhlánaíonn Tionscnamh Bailte Stairiúla agus a chuireann luach leis, rud a thugann beocht chuig cultúr saibhir liteartha na hoidhreachta tógtha.
- Leitir Ceanainn a athshamhlú — 'conair chultúrtha' nuálach coisithe a nascann Músaem Contae Dhún na nGall, Amharclann an Ghrianáin agus an tIonad Réigiúnach Cultúir, i gcomhar le Foras Ailtireachta na hÉireann, agus anois mar chuid de phlean athnuachana Leitir Ceanainn 2040.
- Cruinniú na nÓg, ar comhpháirtíocht é idir Comhairle Óige Dhún na nGall agus comhairliúchán 'Voice of the Child', tá sé i ndiaidh a chinntiú gurb iad na páistí agus na daoine óga a dhear, a mhúnlaigh agus a spreag na cláir seo.
- Colm Cille 1500, ar clár cuimhneacháin trasteorann idirdhisciplíneach é, clár lena gcuirtear 150 imeacht ar fáil i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, ar fud na n-earnálacha pobail, cultúir, oidhreachta, ealaíon, spioradálta agus oideachais, chomh maith le níos mó ná 20 tionscadal faoi stiúir na Comhairle a chuireann beocht in oidhreacht Cholm Cille ar fud na hÉireann agus na hAlban.

Maidir lenar foghlaimíodh ón straitéis a bhí ann roimhe seo, áirítear an tábhacht a bhaineann le bheith níos straitéisí lena chinntiú go bhfuil solúbthacht ann chun freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn nó dúshláin nua, chun leas a bhaint as deiseanna nua maoinithe, comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt agus an úsáid is fearr a bhaint as líon teoranta foirne agus acmhainní eile. D'aithin sé freisin an tábhacht a bhaineann le comhoibriú, lena n-áirítear comhoibriú ar bhonn trasteorann, agus le hacmhainneacht agus tionchar idirdhisciplíneach chlár Éire Ildánach.

**Comhtháthú**
Déanfaidh Éire Ildánach Dhún na nGall comhtháthú le straitéisí údaráis áitiúil atá ann cheana agus atá ag teacht aníos maidir le folláine, le comhtháthú sóisialta agus le forbairt eacnamaíoch. Tráth na scríbhneoireachta, tá roinnt straitéisí folláine agus comhtháthaithe shóisialta ar siúl go háitiúil, agus rachaidh foireann Éire Ildánach i dteagmháil le gach ceann díobh le linn na forbartha agus an chur chun feidhme, rud a neartóidh comhpháirtíochtaí atá ann cheana a neartú agus a dhéanfaidh cinn comhpháirtíochtaí a fhorbairt.

Áirítear orthu sin an méid seo a leanas:

- Straitéis atá fabhrach do dhaoine scothaosta
- AAn straitéis inrochtaineachta
- Straitéis Éire Shláintiúil le haghaidh Dhún na nGall
- Fís Folláine le haghaidh Dhún na nGall

I measc na straitéisí ábhartha eile atá á bhforbairt tá:

— Plean Forbartha Contae

— Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

I measc na straitéisí atá ann cheana agus a dtéann nó a rachaidh Éire Chruthaitheach Dhún na nGall i ngleic leo tá:

— Cultúr le Chéile Plean Straitéiseach Rannán Cultúir na Comhairle 2022–2026

— Plean Leanaí & Daoine Óga Dhún na nGall 2021–2023

— Dún na nGall Réidh don Aeráid: Straitéis um Oiriúnú Aeráide 2019

— Plean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall 2022–2024

— Creat Dhún na nGall 2019, Tionscadal Taighde na hEalaíne Idirchultúrtha sa Ghníomhaíocht

— Straitéis um Chuimsiú Eitneach Daoine Gorma agus Mionlach le haghaidh Dhún na nGall 2021–2026

— Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

— Straitéis atá Fabhrach don Scothaois

Tá roinnt pleananna teanga áitiúla ann agus tá cinn eile faoi sheol i láthair na huaire a dtiocfaidh deiseanna astu freisin.

Dún na nGall 2030: Ár dTodhchaí Fiontraíochta Féin a Scríobh: I bPlean Forbartha Fiontraíochta Straitéisí Dhún na nGall a d'ullmhaigh an Oifig Fiontair Áitiúil in 2022, aithnítear príomhearnálacha a bhaineann le hÉire Ildánach, lena n-áirítear Cósta an Bhia agus an Earnáil Chruthaitheach. Is ag céim chomhairliúcháin atá Plean Nua Gníomhaíochta Straitéiseach 3 bliana Chósta na Cruthaitheachta faoi láthair, é faoi stiúir na hOifige Fiontair Áitiúil chomh maith, agus tá caidreamh maith oibre ann cheana féin idir Cósta na Cruthaitheachta agus Éire Ildánach, caidreamh a leanfar dá fhorbairt.

Oibríonn Comhairle Contae Dhún na nGall go dlúth lena gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann agus i gcomhthéacs Éire Ildánach, áirítear le straitéisí ábhartha eile:

— Straitéis Ealaíon agus Cultúir Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin 2019–2024,

— Plean Oidhreachta Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin,

— Plean maidir leis an athrú aeráide le deimhniú

**Teistiméireachtaí**

Tharr an Mballa — Pleanáil Teanga Árainn Mhóir — 2021:

> *"Is éard a bhí sa tionscadal (múrphictiúr) seo tionscadal ealaíne dátheangach Béarla agus Gaeilge, le béim ar an Ghaeilge. D'éirigh thar cionn leis an tionscadal seo agus tríd an chaidreamh a tógadh leis an ealaíontóir (Karl Porter, UV Arts, Doire) agus leis na heagraíochtaí lena n-oibríonn sé, tá súil againn leanúint ar aghaidh leis an phróiseas seo agus an tionscadal seo a fhorbairt tuilleadh le níos mó tionscadal ealaíon comhoibríoch, tionscadail ina bhféadfaí a áireamh obair trasteorann agus obair a dhéanann ionadaíocht ar an Ghaeltacht. Táimid an-bhuíoch d'Éire Ildánach as tacú leis na healaíona do dhaoine óga in áiteanna iargúlta tuaithe ar nós Árainn Mhór."*

Aiseolas ó rannpháirtithe Chruinniú na nÓg 2022

> *"Bhí mo chúigear leanaí páirteach i gceithre imeacht éagsúla. Chinn siad go raibh siad an-taitneamhach agus iad ag foghlaim scileanna nua. Bhí sé go hiontach dul go dtí na hionaid éagsúla agus bhí na múinteoirí go léir an-mhaith. Slí iontach chun triail a bhaint as gníomhaíochtaí nua gan a bheith ag clárú le bloc. A leithéid de dheireadh seachtaine spraoi. Maith sibh, a eagraithe agus a éascaitheoirí."*

Spraoi agus Spórt 2020 — idir cheardlanna ar líne agus cheardlanna suíomhbhunaithe le haghaidh tionscal na cruthaitheachta agus úsáid á baint as acmhainní an FabLab. Cuid den aiseolas a bhí ann: *"an-mhaith agus faisnéiseach"*, *"chabhraigh sé liom mo mojo cruthaitheach a fháil ar ais"*.



Gleann Cholm Cille: An Áit agus a Naomh — Tionscadal chun digitiú a dhéanamh ar mhionlogainmneacha Ghleann Cholm Cille, Colmcille 1500 An Scéim Deontais **Grianghraf:** Oideas Gael, 2021

# 3 Fís Éire Ildánach do Dhún na nGall

Is í an fhís atá againn i leith na Straitéise seo le haghaidh Éire Ildánach 2023-2027 ná go mbeidh an cultúr agus an chruthaitheacht i ngach gné den saol laethúil i nDún na nGall faoi dheireadh 2027. Is í an fhís seo a mhúnlaíonn ár bhfócas ar thacú le Pobail Chruthaitheacha agus iad a fhorbairt ar fud Dhún na nGall mar phríomhphointe ár Straitéise le haghaidh Éire Ildánach 2023-2027. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis é a dhéanamh níos éasca do dhaoine dul i ngleic leis an chultúr agus leis an chruthaitheacht mar chuid den saol laethúil agus mar cheart daonlathach.

Tá an fhís seo réalaíoch agus uaillmhianach, agus cuireann sé leis an bhunobair a rinneadh faoin chéad Straitéis le haghaidh Éire Ildánach i nDún na nGall 2017–2022, straitéis atá leabaithe sa réimse leathan seirbhísí agus tacaíochtaí poiblí agus pobail a chuireann Comhairle Contae Dhún na nGall ar fáil. Dúshlán a bheidh i gcur i gcrích na straitéise, go háirithe mar gheall ar na dálaí socheacnamaíocha atá os ár gcomhair sa Chontae. Tá a fhios againn cad is gá dúinn a dhéanamh, agus tá an Straitéis Éire Ildánach seo ina gné lárnach de chur chuige straitéiseach foriomlán Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith 2023–2027.

Is é cur chuige Éire Ildánach an tionscnaimh uile-Rialtais atá inár Straitéis agus déanann sí é sin a thrasuí inár riarachán áitiúil agus inár seirbhísí áitiúla ionas go mbeidh cur chuige uile-chontae agus uile-chomhairlí againn chun an cultúr a chur i gcroílár ár gcuid oibre, ar gcinntí agus ár ngníomhaíochtaí ar fad agus muid ag freastal ar phobail ar fud Dhún na nGall.

Faoi dheireadh 2027:

- beidh teacht ag glúin teaghlaigh agus leanaí ar dheich mbliana de dheiseanna chun an cultúr a thabhairt isteach ina lán gnéithe dá saol. .
- Beidh pobail Ghaeltachta, ealaíontóirí Gaeltachta agus gairmithe oidhreachta, agus an Ghaeilge níos feiceálaí agus níos inchloiste mar chuid de léiriú cultúrtha uathúil Dhún na nGall.
- beidh deiseanna nua agus éagsúla ag cleachtóirí an chultúir agus na cruthaitheachta agus ag gairmithe chun a gcuid oibre a fhorbairt, a chur i gcrích agus a roinnt, agus chun gairmeacha níos inbhuanaithe a fhorbairt. .
- Beidh féilte, ionaid agus eagraíochtaí cultúrtha eile i nDún na nGall in ann saothair nua a choimisiúnú agus a chlárú agus a saothair a thabhairt chuig pobail nua agus éagsúla, foirgnimh stairiúla, suíomhanna agus áiteanna cultúrtha, le rannpháirtíocht phoiblí i gcroílár a gcuid oibre, agus ag leibhéal níos airde. .
- an tuiscint atá ag ár gcontae féin uirthi féin maidir le féiniúlacht Dhún na nGall atá sainiúil, casta agus cuimsitheach, agus maidir le bheith ina ghréasán de phobail atá gníomhach agus éagsúil ó thaobh an chultúir de, beidh sí níos láidre agus níos inláimhsithe i ngach gné den saol. .

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Dhún na nGall 2023-2027 meas a léiriú ar oidhreacht shaibhir ilchineálach nádúrtha, thógtha chultúrtha Dhún na nGall, oidhreacht a léiríonn ár bhfréamhacha san am atá thart agus a mhúnlaíonn ár dtuiscint ar an lá atá inniu ann, í á cheiliúradh agus í á roinnt. Ina theannta sin, díreoidh ár straitéis go láidir ar spreagadh a thabhairt do bhróga nua de ghníomhaíocht chultúrtha a léiríonn agus a chothaíonn beocht ár bpobal éagsúil i nDún na nGall amach anseo.

Ní mór ár n-oidhreacht chultúrtha a chothú, a chaomhnú, tacaíocht a thabhairt di agus ní mór í a luacháil d'fhonn a bheith ábhartha, dinimiciúil agus claochlaitheach sa tsochaí.

Déanfaidh ár bhfís agus ár straitéis léiriú ar chomhdhéanamh ár bpobal agus tabharfaidh sí ómós dó mar phobal a bhfuil athrú ag teacht air go leanúnach, agus léireoidh sí éagsúlacht na léirithe uile dár gcultúr comhaimseartha, dár n-oidhreacht, agus dár dtraidisiúin bheo anseo i nDún na nGall.



# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Pobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

- **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;
- **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.
- **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus
- **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Dhún na nGall

Forbraíodh an straitéis nua seo tar éis dul i gcomhairle le baill den Choiste Polasaí Straitéiseach Pobail, Sóisialta agus Cultúrtha, príomhpháirtithe leasmhara, agus suirbhé poiblí ar líne.

Rinne foireann áitiúil Éire Ildánach athbhreithniú ar straitéis 2018-2022 chun machnamh a dhéanamh ar an méid ar éirigh leis, ar na rudaí nár oibrigh agus ar an chúis a bhí leis sin. Shainaithin siad freisin réimsí láidreachta agus deiseanna chun díriú orthu sa straitéis nua 2023-2027. Bunaíodh Meitheal Inmheánach chun dlús a chur leis an phróiseas chun an straitéis nua a ullmhú, agus chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an chomhairleoir seachtrach, leis na páirtithe leasmhara, agus leis an fhoireann áitiúil níos leithne d'Éire ildánach.


Tháinig ceithre thosaíocht straitéiseacha chun cinn ag céim an-luath agus cuireadh isteach an cúigiú tosaíocht de réir mar a tháinig forbairt ar an chomhairliúchán. Thacaigh an comhairliúchán agus an suirbhé leis na tosaíochtaí straitéiseacha agus sainaithníodh na gníomhaíochtaí i gcás gach ceann díobh.

### Tosaíocht Straitéiseach 1
**An Cultúr agus an Chruthaitheacht a leabú ar fud Pleananna, Beartais agus Foirne Tionscadail na nÚdarás Áitiúil**

Gníomhaíochtaí
- Comhoibriú le seirbhísí an Údaráis Áitiúil agus eatarthu a neartú agus a fhorbairt
- Foireann áitiúil Éire Ildánach atá ionadaíoch do Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil a choinneáil ar bun le tascanna agus le bailchríoch a chur ar mheithle le haghaidh tionscadail
- Féachaint le luachanna agus tosaíochtaí Éire Ildánach a leabú i bpleananna agus i bpolasaithe na nÚdarás Áitiúil
- Súil a choinneáil ar thacaíocht an Údaráis Áitiúil leis an chultúr agus leis an chruthaitheacht agus obair a dhéanamh ar infheistíocht a chuíchóiriú agus a spriocdhíriú
- Féachaint le hacmhainn thiomnaithe Éire Ildánach a cheapadh chun acmhainneacht agus tionchar an chláir a uasmhéadú

### Tosaíocht Straitéiseach 2
**Infreastruchtúr agus Acmhainní Cultúrtha Dhún na nGall a Neartú agus a Threisiú**

Gníomhaíochtaí
- Tacú le maoiniú tionscadal ar scála níos mó agus le maoiniú tionscadal ilbhliantúil a bhféadfadh tionchar fadtéarmach a bheith acu
- Obair a dhéanamh chun infhaighteacht spásanna le haghaidh cleachtóirí an chultúir agus na cruthaitheachta a mhéadú agus leas a bhaint as acmhainneacht mol, Pointí Ceangail Leathanbhanda, foirgnimh stairiúla agus tionscnaimh eile atá ann cheana agus tionscnaimh a beartaíodh le déanaí chun tacú leis an chultúr agus leis an chruthaitheacht
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur chuige comhoibríoch trasteorann maidir le cláir agus gníomhaíochtaí cultúrtha agus cur leis an chur chuige sin
- Fóram a chruthú tríd an choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) le haghaidh fhorbairt straitéiseach an chultúir sa chontae



Taibheoir tine in Inis Eoghain Seó Cybertribe Carnival ar, ag Páirc Bhaile Bernard McGlinchey, Leitir Ceanainn, Oíche Chultúir 2019 **Grianghraf:** Paul McGuckin




Teilgean ag Oidhreacht Cholmcille Ionad mar chuid de shoilsithe'Coinneal Cholmcille' ar fud na hÉireann agus na hAlban chun ceiliúradh a dhéanamh ar lá breithe Cholmcille in aois a 1500 dó **Grianghraf:** Deirdre Harte, Nollaig 2021



‘At the Edge of All Things’. An t-ealaíontóir Tim Stampton i mbun oibre ar Thionscnamh Uladh Cheanada, Deontas an Chultúir agus na Cruthaitheachta i nDún na nGall Scéim 2020 **Grianghraf:** Harry Kerr

### Tosaíocht Straitéiseach 3
**Tacú le Cleachtóirí agus Gairmithe an Chultúir agus na Cruthaitheacha**

Gníomhaíochtaí
- eiseanna/cláir nua maoiniúcháin a chruthú agus iad dírithe ar eolas a fháil ar ghuthanna atá ann cheana agus ar ghuthanna atá ag teacht chun cinn sa chultúr agus sa chruthaitheacht agus tacú leo
- Tacú le bealaí nua fostaíochta ar fud earnáil an chultúir agus tacú le forbairt gairme
- Cláir oiliúna agus meantóireachta a dhearadh agus a chur chun feidhme chun tacú le tionscnaimh faoi stiúir an chultúir
- Féachaint ar phainéal beochantóirí agus léiritheoirí cultúir a bhunú chun tacú le grúpaí agus le daoine aonair a bhfuil baint acu le tionscadail chultúir
- Tacú le nascacht laistigh den earnáil agus tras-chomhoibriú idir disciplíní a spreagadh

### Tosaíocht Straitéiseach 4
**Ár nÓmós Áite agus Féiniúlachta a Chothú**

Gníomhaíochtaí
- Cultúr agus féiniúlacht uathúil Dhún na nGall a chothú agus a cheiliúradh
- Tacú le caomhnú agus cur chun cinn inbhuanaithe an chultúir
- Cur ar chumas daoine óga teacht ar bhealaí nuálacha chun bheith i gceannas ar an chultúr, chun dul i ngleic leis agus chun páirt a ghlacadh ann
- Níos mó deiseanna a chur ar fáil do phobail rochtain a fháil ar chultúr trí Ghaeilge
- Naisc a chothú le Diaspóra Dhún na nGall chun rochtain ar chultúr agus ar rannpháirtíocht leis an chultúr a mhéadú
- Acmhainn chultúrtha Dhún na nGall a iniúchadh, a thaighde agus a dhoiciméadú

### Tosaíocht Straitéiseach 5
**Rannpháirtíocht agus Rochtain ar an Chultúr agus ar an Chruthaitheacht a chumasú**

Gníomhaíochtaí
- Feasacht a mhéadú maidir le deiseanna chun dul i ngleic le cultúr agus le cruthaitheacht Dhún na nGall
- Cláir thacaíochta a dhíríonn ar ról an chultúir maidir le rannchuidiú leis an fholláine agus pobail chruthaitheacha athléimneacha a chumasú
- Cláir chultúrtha agus chruthaitheacha atá cuimsitheach agus inrochtana a chur chun cinn
- Teagmháil a dhéanamh le cleachtóirí a bhfuil cúlraí eitneacha, sóisialta agus cultúrtha éagsúla acu
- Nasc a dhéanamh le tionscnaimh náisiúnta Éire Ildánach i ngach ceann de na cúig cholún

# 6 Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún na nGall

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag Comhairle Contae Dhún na nGall chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus maoirseacht a dhéanamh air.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

**Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:**


- Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;
- Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;
- Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil; Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.
- Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus
- A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh — tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Tá soláthar na Straitéise faoi stiúir an Stiúrthóra Seirbhísí Tithíochta, Corparáideacha agus Cultúir, agus i measc bhaill Fhoireann an Chultúir agus na Cruthaitheachta i nDún na nGall tá:

- Leabharlannaí Contae/Bainisteoir Rannóige Cultúir
- Leabharlannaithe Feidhmiúcháin Sinsearacha
- Leabharlannaí Feidhmiúcháin
- Oifigeach Ealaíon
- Stiúrthóir Ionad Cultúrtha Réigiúnach
- Coimeádaí an Mhúsaeim
- Cartlannaí
- Oifigeach Oidhreachta
- Oifigeach Caomhantais
- Oifigeach Forbartha Gaeilge
- Oifigeach Scannán
- Oifigeach um Chuimsiú Sóisialta
- Ceann na hOifige Fiontair Áitiúil
- Cúntóir Éire Ildánach Dhún na nGall

Is gné ríthábhachtach iad na struchtúir agus na próisis seo a chuirfidh ar chumas *Pobail Chruthaitheacha* tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach do Dhún na nGall.

## Léarscáil de Dhún na nGall



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*